2026/1043

13.5.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1043 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12 Bealtaine 2026**

**lena gcealaítear clárú an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Salemi' (TGFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 i gcomhar le hAirteagal 25(4) den Rialachán sin, an t-iarratas a sheol an Iodáil an 28 Iúil 2025 ina raibh an iarraidh ar chlárú an táisc gheografaigh faoi chosaint (TGFC) 'Salemi' a chealú, foilsíodh é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm 'Salemi' a chealú ó chlár an Aontais um thásca geografacha.

(4) Tá an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cealaítear leis seo clárú an ainm 'Salemi' (TGFC).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Foilsiú iarrata ar chealú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 i gcomhar le hAirteagal 25(4) den Rialachán céanna sin (IO C, C/2025/6467, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6467/oj).